



## An Tairseach MTT

### Le comhlánú ag an Údarás Inniúil

Fógra don Tairseach MTT faoi iarratas ar thoilíú forbartha a n-éilítear Measúnacht Tionchair Timpeallachta ina leith faoi Threoir 2011/92/AE arna leasú le Treoir 2014/52/AE maidir le measúnacht a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol.

Íoslódáil agus comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais í (i dteannta na gceangaltán atá liostaithe thíos) chuig [ElAportal@housing.gov.ie](mailto:ElAportal@housing.gov.ie).

Ní mór gach réimse ag a bhfuil réiltín a chomhlánú.

**\*Ainm an Iarratasóra:**

**\*Seoladh ríomhphoist an údaráis inniúil:**

*Chun críche comhfhreagras a dhéanamh. Ní fhoilseofar é sin ar an tairseach MTT.*

**\*Uimhir theileafóin teagmhála:**

*Ní fhoilseofar an uimhir sin ar an tairseach MTT.*

**Teagmhálaí:**

*Ní fhoilseofar an t-ainm sin ar an tairseach MTT.*

**\*Láthair na forbartha beartaithe:**

*Nuair is cuí, ba cheart seoladh sonracha a thabhairt, mar aon le hÉirchód, más ann. I gcás gur mó an seoladh ná an spás atá curtha ar fáil, ba cheart é a thabhairt i dtéarmaí ginearálta, mar go léireofar an fógra poiblí beartaithe ar an Tairseach MTT chun faisnéis níos cruinne a thabhairt.*

**\*Cur síos ar an bhforbairt bheartaithe:**

*I gcás gur mhó an cur síos ar an bhforbairt bheartaithe ná an spás atá curtha ar fáil, ba cheart é a thabhairt i dtéarmaí ginearálta i dteannta faisnéis leordhóthanach chun cabhrú le daoine den phobal a thuiscint cad atá beartaithe. Léireofar an fógra poiblí beartaithe ar an Tairseach MTT chun faisnéis níos cruinne a thabhairt.*

**\*An t-údarás inniúil a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chuige/a ndéanfar an t-iarratas chuige:**

*I gcás go n-éilítear toilíú forbartha ó níos mó ná údarás inniúil amháin, beidh sé riachtanach fógraí ar leith a thabhairt don Tairseach MTT i leith gach iarratais.*

**\*Tagairt an údaráis inniúil:**

*Cuir ar áireamh an uimhir thagartha comhaid uathúil a shann an t-údarás inniúil don iarratas seo*

**\*Nasc leis an iarratas:**

*Nasc URL leis an gcomhad ábhartha agus/nó le faisnéis ar shuíomh Gréasáin an údaráis inniúil*

**\*Nasc le Doiciméid:**

*Nasc/naisc URL le haon doiciméid (lena n-áirítear an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta) atá bainteach leis an iarratas, i gcás nach bhfuil na doiciméid sin ar fáil cheana féin ar shuíomh Gréasáin an údaráis inniúil tríd an nasc URL a chuirtear ar fáil faoi "Nasc leis an iarratas" thuas*

**\*An bhfuil sé amhlaidh gur forbairt líneach í seo (e.g. bóthar, píblíne, cábla tarchuir)? 'Tá' nó 'Níl'**

Deimhnigh na doiciméid atá á gceangal leis an bhfoirm seo agus atá á seoladh ar ais léi chuig [ElAportal@housing.gov.ie](mailto:ElAportal@housing.gov.ie)

*(Tabhair faoi deara gurb é 18 MB an uasmhéid iomlán atá ceadaithe le haghaidh do ríomhphoist agus gach ceangaltán)*

Cóip inchoardaithe den fhógra poiblí beartaithe (e.g. comhad inchoardaithe PDF):

*De ghnáth, is ionann é sin agus an comhad leictreonach a d'ullmhaigh tú lena chur faoi bhráid na nuachtán*

Cóip inchoardaithe den léarscáil láithreáin (i bhformáid PDF):

Deimhním go bhfuil an séanadh léite agam

Deimhnigh go bhfuil an [séanadh](#) léite agat.